

1. An ólfaidh tú tae?  
Nach n-ólfaidh tú tae?  
Ólfaidh. Ólfaidh mé tae le siúcra.  
Ní ólfaidh. Ní ólfaidh mé tae anois.
- Cad a ólfaidh tú?
- Ólfaidh mé caife.  
Ólfaidh tú caife.  
Ólfaidh sé caife.  
Ólfaidh sí caife.  
Ólfaimid caife.  
Ólfaidh sibh caife.  
Ólfaidh siad caife.  
Ólfaidh Seán caife.
- Cá n-ólfaidh tú caife ar maidin?  
Ólfaidh mé sa bhaile é.
2. An gceannóidh tú brioscaí?  
Nach gceannóidh tú brioscaí?  
Ceannóidh. Ceannóidh mé iad.  
Ní cheannóidh. Ní cheannóidh mé iad.
- Cad a cheannóidh tú?
- Ceannóidh mé brioscaí.  
Ceannóidh tú brioscaí.  
Ceannóidh sé brioscaí.  
Ceannóidh sí brioscaí.  
Ceannóimid brioscaí.  
Ceannóidh sibh brioscaí.  
Ceannóidh siad brioscaí.  
Ceannóidh Máire brioscaí.
- Cá gceannóidh tú brioscaí?  
Ceannóidh mé san ollmhargadh iad.
3. An íosfaidh sibh feoil?  
Nach n-íosfaidh sibh feoil?  
Íosfaidh. Ní íosfaidh.  
Íosfaimid. Ní íosfaimid.
4. An gcloisfidh sibh mé?  
Nach gcloisfidh sibh mé?  
Cloisfidh. Ní chloisfidh.  
Cloisfimid. Ní chloisfimid.
- Will you drink tea?  
Won't you drink tea?  
Yes. I'll drink tea with sugar.  
Nó. I won't drink tea now.
- What will you drink?
- I will drink coffee.  
You will drink coffee.  
He will drink coffee.  
She will drink coffee.  
We will drink coffee.  
Y'all will drink coffee.  
They will drink coffee.  
John will drink coffee.
- Where will you drink coffee in the morning?  
I will drink it at home.
- Will you buy cookies?  
Won't you buy cookies?  
Yes. I'll buy them.  
Nó. I won't buy them.
- What will you buy?
- I'll buy cookies.  
You'll buy cookies.  
He'll buy cookies.  
She'll buy cookies.  
We'll buy cookies.  
Y'all will buy cookies.  
They'll buy cookies.  
Mary will buy cookies.
- Where will you buy cookies?  
I'll buy them in the supermarket.
- Will y'all eat meat?  
Won't y'all eat meat?  
Yes (will eat). No (won't eat).  
Yes (we'll eat). Nó (we won't eat).
- Will y'all hear me?  
Won't y'all hear me?  
Yes (will hear). No (won't hear).  
Yes (we'll hear). No (we won't hear).

- 
- |  |   |
|--|---|
| <p><b>5.</b> An dtiocfaidh sibh anseo amárach?<br/>Nach dtiocfaidh sibh anseo amárach?<br/>Tiocfaidh. Ní thiocfaidh.<br/>Tiocfaimid. Ní thiocfaimid.</p>                 | <p>Will y'all come here tomorrow?<br/>Won't y'all come here tomorrow?<br/>Yes (will come). No (won't come).<br/>Yes (we'll come). No (we won't come).</p>               |
| <p><b>6.</b> An dtabharfaidh sibh bhur madra libh?<br/>Nach dtabharfaidh sibh bhur madra libh?<br/>Tabharfaidh. Ní thabharfaidh.<br/>Tabharfaimid. Ní thabharfaimid.</p> | <p>Will y'all bring your dog with you?<br/>Won't y'all bring your dog with you?<br/>Yes (will bring). No (won't bring).<br/>Yes (we'll bring). No (we won't bring).</p> |
| <p><b>7.</b> An ndéanfaidh sibh bia sa bhaile?<br/>Nach ndéanfaidh sibh bia sa bhaile?<br/>Déanfaidh. Ní dhéanfaidh.<br/>Déanfaimid. Ní dhéanfaimid.</p>                 | <p>Will y'all make food at home?<br/>Won't y'all make food at home?<br/>Yes (will make). No (won't make).<br/>Yes (we'll make). No (we won't make).</p>                 |
| <p><b>8.</b> An rachaidh sibh abhaile ar an mbus?<br/>Nach rachaidh sibh abhaile ar an mbus?<br/>Rachaidh. Ní rachaidh.<br/>Rachaimid. Ní rachaimid.</p>                 | <p>Will y'all go home on the bus?<br/>Won't y'all go home on the bus?<br/>Yes (will go). No (won't go).<br/>Yes (we'll go). No (we won't go).</p>                       |
| <p><b>9.</b> An bhfeicfidh sibh Máire?<br/>Nach bhfeicfidh sibh Máire?<br/>Feicfidh. Ní fheicfidh.<br/>Feicfimid. Ní fheicfimid.</p>                                     | <p>Will y'all see Mary?<br/>Won't y'all see Mary?<br/>Yes (will see). No (won't see).<br/>Yes (we'll see). No (we won't see).</p>                                       |
| <p><b>10.</b> An bhfaighidh sibh leabhair sa phost?<br/>Nach bhfaighidh sibh leabhair sa phost?<br/>Gheobhaidh. Ní bhfaighidh.<br/>Gheobhaimid. Ní bhfaighimid.</p>      | <p>Will y'all get books in the mail?<br/>Won't y'all get books in the mail?<br/>Yes (will get). No (won't get).<br/>Yes (we'll get). No (we won't get).</p>             |
| <p><b>11.</b> An ndéarfaidh sibh é sin le bhur gcairde?<br/>Nach ndéarfaidh sibh é sin le bhur gcairde?<br/>Déarfaidh. Ní déarfaidh.<br/>Déarfaimid. Ní déarfaimid.</p>  | <p>Will y'all say that to your friends?<br/>Won't y'all say that to your friends?<br/>Yes (will say). No (won't say).<br/>Yes (we'll say). No (we won't say).</p>       |
| <p><b>12.</b> An mbeidh sibh ann?<br/>Nach mbeidh sibh ann?<br/>Beidh. Ní bheidh.<br/>Beimid. Ní bheimid.</p>  | <p>Will y'all be there?<br/>Won't y'all be there?<br/>Yes (will be). No (won't be).<br/>Yes (we'll be). No (we won't be).</p>   |

**Mise agus an Dragún**

(le Patricia Forde)

Nuair a bheidh mise mór rachaidh mé ag seilg dragúin.	When I'm big I'll go hunting a dragon.
Ar dtús, beidh orm teacht ar cheann.	At first, I'll have to find one.
Cuardóidh mé an fhoraois fhíochmhar.	I'll search the ferocious forest.
Pléascfaidh mé isteach san fhoraois sin, le mo chlaíomh i mo lámh.	I'll burst into that forest, with my sword in my hand.
Tá súil agam nach mbeidh aon dris ann.	I hope there won't be any brambles there.
Ní maith liom driseacha.	I don't like brambles.
Beidh mé ag seilg an dragúin sin ar feadh an lae.	I'll be hunting that dragon throughout the day.
Rachaidh seisean i bhfolach orm ach feicfidh mise é le mo theileascóp nua.	He will hide from me but I'll see him with my new telescope.
Tá súil agam nach mbeidh sé ródhorcha istigh san fhoraois.	I hope it won't be too dark in the forest.
Ní maith liom an dorchadas ach an oiread.	I don't like darkness either.
Oslóidh an dragún a sciatháin.	The dragon will open its wings.
Suas leis go beo ansin, ag eitilt go tréan.	He'll go up quickly then, flying hard.
Rachaidh mise in airde ar chrann mór ard agus léimfidh mé anuas de.	I'll go up on a big high tree and I'll jump down from it.
Beidh m' eitleog agam, ar ndóigh!	I'll have my kite, of course!
Tá súil agam nach mbeidh an crann ró-ard.	I hope the tree won't be too high.
Ní maith liom áiteanna arda.	I don't like high places.
Ina dhiaidh sin, tabharfaidh seisean aghaidh ar na sléibhte arda.	After that, he'll head for the high mountains.
Caithfidh mé cúpla saighead dearg leis an uair sin.	I'll shoot a couple red arrows at him then.
Casfaidh an dragún timpeall, osclóidh sé a bhéal agus séidfídh sé lasracha i mo threo. Phúis!	The dragon will turn around, it'll open its mouth and blow flames toward me. Whoosh!
Tá súil agam nach mbeidh aon deatach ann.	I hope there won't be any smoke.
Bíonn mo shúilese tinn nuair a bhíonn deatach ann.	My eyes hurt when there's smoke.